



Coláiste Aonad Bainistíochta	Achmhainní Daonna UCD
Scoil Aonad	Daonna & Athrú Eagraíochta UCD
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair (más ábhartha)	Ceannaire Cumais Bainistíochta Athraithe
Tréimhse an Phoist	Sealadach - 2 Bhliain
Grád	Oifigeach Sinsearach Riaracháin IV
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúla agus Clár – Leibhéal Gairme 6
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2024-06-026
Bainisteoir Líne	Bainisteoir Athruithe Eagraíochta UCD
Uimhir Thagartha an Chomórtais	018889
Riarthóir Acmhainní Daonna	Alicja Straczek

Achoimre ar an bPost:

Beidh an ról seo freagrach as cúnamh a thabhairt Straitéis Bainistíochta Athraithe Eagraíochta (ECM) UCD a chur i bhfeidhm. Tá an ról seo freagrach do Bhainisteoir Athruithe Eagraíochta UCD nó a (h)ainmní.

Príomhfhócas an ról seo is ea forbairt straitéiseach agus imscaradh tionscnamh spriocdhírthe um chumas bainistíochta athruithe agus oiliúna, atá deartha agus curtha in úsáid chun tacú lenár ngealltanais do chlár uailmhianach bunathraithe eagraíochta cultúrtha agus digití, agus do Straitéis UCD a bhfuiltear ag súil léi go dtí 2030. Is cuid lárnach de tacaíocht a thabhairt dár bpobal ollscoile athrú a ghlacadh go rathúil. Tá an ‘Ceannaire Cumais Bainistíochta Athraithe’ freagrach as cumais agus inniúlachtaí bainistíochta athraithe eagraíochtúla a fhorbairt, chomh maith le feabhsú leanúnach i gcleachtas bainistíochta athraithe a spreagadh, trí shraith tionscnamh agus idirghabhálacha forbartha bainistíochta athraithe spriocdhírthe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá deartha chun acmhainneacht agus ullmhacht athraithe níos fearr a fhorbairt laistigh dár nOllscoil, agus ar deireadh thiar, tacú leis an Ollscoil chun toradh ar infheistíocht agus fóirú tairbhí a bhaint amach i gcláir athraithe straitéiseacha tábhachtacha.

Tá ról lárnach ag an gCeannaire Cumais Bainistíochta Athraithe maidir lena chinntiú go mbaineann tionscadail agus tionscnaimh na heagraíochta a spriocanna amach in am agus de réir buiséid trí chumas fostaithe a mhéadú athruithe a ghlacadh agus a úsáid. Dírionn sealbhóir an ról ar an taobh daonna den athrú, rud a chuimsíonn daoine a ullmhú, tacú leo agus cur ar a gcumas athrú ar phróisis, córais, agus teicneolaíocht ghnó, ról phoist agus struchtúir eagrúcháin a ghlacadh agus a úsáid.

Agus iad ag obair i gcomhar le Bainisteoir Athraithe Eagraíochta na hOllscoile, beidh an Ceannaire Cumais Cumais Athraithe cuntasach as forbairt cumais eagraíochta ar fud na hOllscoile a thógáil - trí thacú le ceannairí athruithe a chur in áit tosaíochta agus a stiúradh, cabhrú le daoine ar fud phobal na hOllscoile páirt a ghlacadh in athruithe pleanáilte agus neamhphleanáilte, glacadh leo agus dul in oiriúint dóibh - tacú le líonraí athruithe chun athrú a chur i bhfeidhm agus chun na buntáistí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint as an athrú. Reáchtálfaidh an Fhoireann Bainistíochta Athruithe Ionad Barrfheabhais na hOllscoile um athruithe a bhainistiú, forbróidh agus bunóidh sí straitéis agus na huirlisí atá de dhíth chun tacú le hathruithe a bhainistiú san Ollscoil, agus earcóidh agus forbróidh sí speisialtóirí maidir le bainistíocht athruithe chun tacú le líonraí athruithe ar fud na hOllscoile. Is é fócas na foirne ná an taobh daonna den athrú.

Beidh an Ceannaire Cumais Athraithe i gceannas ar ghníomhaíochtaí sonracha Forbartha agus Cumarsáide Bainistíochta Athraithe do chlár bhunathraithe, chun a chinntiú go mbainfear amach torthaí agus cuspóirí Straitéis UCD 2020 go rathúil. Beidh taithí mhaith ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ar Bhainistíocht Athraithe, Foghlaim agus Forbairt agus Cumarsáide. Beidh eitic oibre láidir ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi agus beidh sé/sí an-solúbtha agus beidh an-taithí aige/aici ar thacú le sruthanna oibre éagsúla. Beidh an Ceannaire Cumais Bainistíochta Athraithe ina c(h)uid dhílis de dheardh agus de chur chun feidhme clár oiliúna agus forbartha saincheaptha do thionscadail straitéiseacha amhail FinPost, CRM na hOllscoile etc. agus tionscadail amach anseo a eascróidh as straitéis na hOllscoile.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Freagrach do Bhainisteoir Athraithe Eagraíochta na hOllscoile, agus i ról an Cheannaire Cumais Bainistíochta Athraithe, cuimseofar na rudaí seo a leanas ach ní bheidh sé teoranta dóibh:

- Cur chuige na hOllscoile maidir le bainistíocht athruithe a fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach.
- Obair laistigh d'fhoirne tionscadail mar an 'Ceannaire Cumais Bainistíochta Athraithe' chun tionchar athraithe tionscadail a mheas, anailís a dhéanamh ar riachtanais páirtithe leasmhara ar riachtanais oiliúna, chumarsáide agus rannpháirtíochta, agus tacaíocht do bhainistíocht athraithe a phleanáil.
- Cabhrú le dearadh na hoiliúna bainistíochta athruithe agus na forbartha cumais, eolas agus cumas bainistíochta athruithe a fhorbairt i bhfoirne ar fud na hOllscoile.

Tá an ról seo freagrach as modheolaíocht agus tacar bainistíochta athraithe caighdeánach a chur i bhfeidhm agus a chothabháil ar fud na hOllscoile. Forbairt scileanna i mbainistíocht athraithe a sholáthar le curaclam críochnúil do gach leibhéal den eagraíocht, lena n-áirítear ceannairí, bainisteoirí daoine, bainisteoirí tionscadal agus daoine aonair ar leibhéal na scoile/an aonaid/na foirne. Feidhmíonn an ról mar chóitseálaí do bhainisteoirí daoine, ceannairí sinsearacha, ceannairí tionscadal agus clár, agus do Chomhpháirtithe AD chun cabhrú leo an ról a bhaineann le daoine eile a threorú trí athrú a chomhlíonadh. Tacaíocht dhíreach, cóitseáil agus aiseolas a sholáthar ar fud na hollscoile dóibh siúd atá ag ullmhú do thionscnaimh athraithe, á mbainistiú, nó ag dul i ngleic leo.

Leibhéal Tionscadail/Cláir - Cuntasach as straitéis agus creat oiliúna cuí a fhorbairt agus a chur chun úsáide a bhfuil samhlacha forbartha foghlama mar ADDIE mar bhonn agus mar thaca leo, agus a fheidhmíonn mar chreat bunúsach do dheardh teagaisc, rud a thairgeann próiseas córasach chun clár oiliúna éifeachtacha agus éifeachtúla a chruthú do gach tionscadal/ clár claochlaithe agus athraithe ollscoile. Beidh an sealbhóir róil ina acmhainn speisialaithe in-imscartha chun réitigh oiliúna nuálacha saincheaptha atá sonracha do thionscadail a sholáthar do thionscadail ar nós CRM Ollscoile, FinPost agus tionscnaimh chlaochlaithe/athraithe Straitéis 2030, lena n-áirítear anailís ar riachtanais oiliúna, forbairt ábhar oiliúna, oiliúint duine le duine, ceardlanna, clinicí buail isteach, conairí ríomhfhoghlama idirghníomhacha féinluais, stór acmhainní atá inrochtana go héasca amhail treoracha físe gearra micreafhoghlama, oiliúint a chur ar an oiliúnóir, agus tacaíocht oiliúna tiomnaithe chun a chinntiú go gcuirtear an oiliúint is cuí ar fáil dár ndaoine go leordhóthanach, chun glacadh agus úsáid rathúil a bhaint as an athrú beartaithe.

I measc mórfhreagraíochtaí an ról seo, tá:

- Modheolaíocht struchtúrtha a chur i bhfeidhm agus gníomhaíochtaí bainistíochta athruithe a stiúradh, an rogha modheolaíochta, próisis agus uirlisí bainistíochta athruithe a úsáid chun straitéis a chruthú a thacóidh leis na hathruithe a éilíonn tionscnamh nó tionscadal a ghlacadh.
- Tacú le hiarrachtaí cumarsáide, dearadh, forbairt, soláthar agus bainistiú príomhchumarsáide a chumasú.
- Tionchar an athraithe a mheas, anailísí tionchair a dhéanamh, ullmhacht don athrú a mheas agus príomhpháirtithe leasmhara a shainaithint.
- Tacú le cur chuige oiliúna, ionchur a sholáthar, riachtanais a thaifeadadh, agus tacú le dearadh agus soláthar clár oiliúna
- Measúnuithe bainistíochta athruithe a chur i gcrích
- Pleananna maolaithe riosca a shainaithint, a anailisiú agus a ullmhú, cur i gcoinne a bhfuiltear ag súil leis nó atá leanúnach a shainaithint agus a bhainistiú
- Spriocanna inghnóthaithe inghníomhaithe a chruthú do na pleananna bainistíochta athruithe lárnacha: Plean Urraí, Plean Bainistíochta Daoine, Plean Cumarsáide, agus Plean Oiliúna
- Bainisteoirí daoine a chóitseáil agus iarrachtaí a chomhordú le speisialtóirí eile
- Gníomhaíochtaí bainistíochta athruithe a chomhtháthú sa phlean tionscadail
- Ullmhacht úsáideora a mheas agus a chinntiú, fadhbanna a rianú agus a thuairisciú

- Méadracht ratha a shainiú agus a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an athraithe
- Tacú le bainistíocht athruithe ag leibhéal na hOllscoile
- An straitéis agus cur chuige oiliúna athruithe a shocrú don tionscadal, athmheasúnú a dhéanamh agus breathnú chun cinn go seasta chun ailíniú le fíis agus spriocanna uileghabhálacha an chlár a chinntiú
- Ailíniú agus sineirge le straitéis, cur chuige, modhanna agus uirlisí uileghabhálacha na feidhme Bainistíochta Athruithe Eagraíochta a chinntiú
- Comhairle agus dea-chleachtais a sholáthar ar uirlisí, cleachtais agus modhanna oibre bainistíochta athruithe
- A chinntiú go bhfuil tionscadail UCD ag cloí leis an bpróiseas bainistíochta athruithe clár comhaontuithe trí mhaoirseacht agus monatóireacht a chur ar fáil
- Measúnaithe tionchair athruithe agus ullmhachta a dhéanamh ina sainiúitear athruithe nó bearnaí móra agus lena gcaibhrítear le bearta réamhghníomhacha a dhéanamh chun rioscaí a íoslaghdú
- Pleananna cumarsáide uileghabhálacha a fhorbairt, agus pleananna cumarsáide tionscadail a bheith mar chuid díobh
- Forbairt táirgí cumarsáide a fhorbairt, chomh maith leis an suíomh idirlín, agus dul i dteagmháil le feidhmeanna cumarsáide lárnacha na hollscoile
- Tacú le bainisteoirí agus foirne tionscadail maidir le bainistíocht athruithe a chur i bhfeidhm laistigh dá dtionscadail trí fhorbairt cumais fhiúntach agus ailínithe
- Freagrach as sonraí a bhaineann le hathrú agus tuairisciú don Stiúrthóir Clár agus don UMT ag leibhéal an chúraim
- Tacú le bainisteoirí athruithe/tionscadail i dtaca le húsáid straitéise ECM, modheolaíochtaí, uirlisí agus acmhainní UCD
- Forbróidh sealbhóir an róil comhpháirtíocht chomhoibritheach le Forbairt Daoine agus Eagrúcháin, foirne Claochlaithe, Foirne Tionscadail agus príomhpháirtithe leasmhara eile i bhforbairt a gcumas agus acmhainneachta de réir straitéis Bainistíochta Athraithe Eagraíochta UCD
- Comhoibriú ar gach leibhéal san Ollscoil (leibhéal sinsearach san áireamh) chun tionchar a imirt ar thionscadal/clár faoi seach agus a aidhmeanna, comhairle a thabhairt air agus rannpháirtíocht a fhorbairt ann
- Mapáil agus teagmháil le príomhpháirtithe leasmhara chun a dtacaíocht agus a dtuiscint a chinntiú
- Ní mór d'iarrthóirí a léiriú conas a chuirfidh siad go dearfach le timpeallacht ionchuimsitheach agus leibhéal feasachta ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chothú

Scála Tuarastail: €70,037 - €111,200 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirilínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí faoi incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus eolas pinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, iad siúd lena mbaineann aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san áireamh. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>
Soláthrófar socruithe réasúnta d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtar go bhfuil siad faoi mhíchumas nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creatlach Grúpaí Post in UCD agus tá an ról seo mar chuid de Ghrúpa Post na Bainistíochta agus Oibríochtaí Acadúla agus Clár (APOM), agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairme 6. Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat um Theaghlach Poist ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- Cáilíocht céime tríú leibhéal.
- 7+ mbliana de thaithí ghairmiúil oiriúnach ar an iomlán, 3 bliana caite ag feidhmiú ar leibhéal idirmheánach in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal, agus taithí ar oibríochtaí clár agus ar bhainistíocht go hidéalach.
- Taithí in Ollscoil nó in institiúid mhór i bpost bainteach le bainistíocht athraithe agus/nó cumarsáide nó a chomhionann.
- Tuiscint ar mhodheolaíochtaí bainistíochta athraithe m.sh. 'PROSCI'.
- Tuiscint ar mhodheolaíocht Dearadh Treoracha, m.sh. 'ADDIE'.
- Taithí shuntasach ar dhearadh agus imscaradh foghlama agus forbartha.
- Taithí ar theicneolaíochtaí, scileanna agus eolas bunaithe ar AI.
- Taithí ar ábhar físe agus podchraoltaí a chruthú.
- Cáilíocht 'DiSC'.
- Taithí / tuiscint ar athraithe dhigiteacha atá dírithe ar sheirbhís a sholáthar, agus ar chlaochluithe oibríochtúla, atá dírithe ar an bpobal.
- Taithí shuntasach ar chomhoibriú agus tionchar a imirt ar leibhéal sinsearach in eagraíocht.
- Tuiscint ar thaithí i mbainistíocht clár agus tionscadal nó deimhniú i mbainistíocht tionscadal, lena n-áirítear, modheolaíochtaí aitheanta (m.sh. Agile, Prince 2, PMP, PM2 srl.); bheadh taithí ar fhoirne clár/tionscadail a thógáil ina bhuntáiste.
- Ní mór d'iarrthóirí a léiriú conas is féidir leo cur go dearfach le timpeallacht chuimsitheach a chothú agus tuiscint ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Anailís Ghnó (Leibhéal Oilteachta 4):** Cumas an-fhorbartha chun riachtanais úsáideoirí a aistriú ina réitigh, próisis a dhoiciméadú, tuarascálacha a scríobh agus cultúr feabhsaithe leanúnaigh a chruthú.
- **Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 4):** Saineolas ar na cleachtais is fearr maidir le bainistíocht sonraí agus cleachtais rialachais sonraí.
- **Athléimneacht Oibríochtúil (Leibhéal Oilteachta 4):** Seasmhacht agus feidhmíocht a choinneáil i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú. Dionsbháilteacht, féinsmacht agus tiomantas a léiriú i leith timpeallachta atá ag athrú nó i gcás chéimeanna ar gcúl. Áirítear leis seo teacht aniar a léiriú i gcás díomá nó achrann, gan ligean dóibh tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht leanúnach.
- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle (Leibhéal Oilteachta 4):** Ardchumas tacaíocht, treoir agus comhairle a chur ar fáil do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus don fhoireann trí chéile. Clúdaíonn sé leas agus folláine na mac léinn agus na foirne laistigh den institiúid chomh maith le tacaíocht agus comhairle oibríochtúil, i gcásanna neamhfhoirmiúla agus foirmiúla araon. Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus a aithint nuair a bhíonn gá le hidirghabhálacha breise. Éifeachtúlacht na n-idirghabhálacha a mheas agus cleachtas a fhorbairt ar bhonn machnaimh agus athbhreithnithe.
- **Grinneas Teicniúil (Leibhéal Oilteachta 4):** Cumas saineolach chun smaoineamh ar bhealaí chun forbairtí nua a chur i bhfeidhm agus feidhmíocht eagraíochtúil nó seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú. Cumas eisceachtúil chun treochtaí i dteoiric agus i gcleachtas a réimse teicniúil féin a aithint agus ullmhú go héifeachtach do na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo.

Príomhinniúlachtaí

- **Bainistíocht Tionscadail (Leibhéal Oilteachta 4):** Cumas bainistíochta tionscadail ardfhorbartha chun spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir a chinntiú agus seo a shainiú go soiléir ag an tús,

róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna insoláthartha, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina choinne.

- **Caidrimh a Chothú (Leibhéal Oilteachta 4):** Ardchumas chun caidrimh oibre éifeachtúla a thógáil laistigh den réimse féin agus ar bhonn níos leithne, chun comhoibriú agus obair chomhoibritheach a spreagadh i measc daoine eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.
- **Pleanáil agus Eagrú (Leibhéal Oilteachta 4):** Ardchumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú ar bhonn éifeachtach, tosaíochtaí soiléire a leagan síos agus cinnte a dhéanamh go gcomhlíontar spriocdhátaí, an cumas gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a scaradh nó a chur le chéile chun aschur a sheachadadh de réir achar ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach.
- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 4):** Extensive ability to take a positive approach to tackling work and embrace change, to foster an environment of innovation and change, to ensure appropriate stakeholder involvement and engagement in change programmes/projects.
- **Ag Obair go Straitéiseach (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas láidir fíis a fhorbairt don Scoil/Aonad/Coláiste/Ollscoil, an fhís seo a aistriú i ngníomh agus fíis UCD a chur in iúl ar bhealaí a fhaigheann tacaíocht ó dhaoine eile.
- **Daoine a Threorú (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas suntasach tionchar dearfach a imirt ar dhaoine eile, foirne éifeachtacha a ailíniú agus a thógáil laistigh den Scoil/Aonad/Coláiste agus ar fud UCD agus oibriú go héifeachtach leis an mbainistíocht shinsearach agus le pobail acadúla agus ghnó na hOllscoile.
- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 2):** An cumas maidir leis an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a thuiscint, freagairt do riachtanais na bpáirtithe leasmhara, ionchais a bhainistiú agus caidrimh oibre láidre a fhorbairt agus a chothabháil le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Inmhianaithe:

- Cáilíocht 'Oiliúint don Oiliúnóir' le PROSCI

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	https://www.ucd.ie/hr/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/